AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.9.2024
COM(2024) 412 final

2024/0229 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste um Thrádáil an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le modhnuithe ar Fhoscríbhinní 2, 2A agus 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil arna chur ar bun leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór den pháirt eile ('an Comhaontú')[1] i ndáil leis an gcinneadh ó Choiste um Thrádáil an Chomhaontaithe ('an Coiste um Thrádáil'), ar cinneadh é atá sé beartaithe a ghlacadh.

Leis an gcinneadh, tabharfar cothrom le dáta ar Chóras Comhchuibhithe 2022 an liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe ('rialacha táirgeshonracha') agus an t-aguisín a ghabhann leis an liosta sin, a áirítear, faoi seach, i bhFoscríbhinn 2 'Liosta den oibriú nó den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe' ('Foscríbhinn 2'), Foscríbhinn 2A 'Aguisín a ghabhann leis an liosta den oibriú nó den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe' ('Foscríbhinn 2A') agus Foscríbhinn 5 'Táirgí a bhfuil feidhm ag fomhír (b) den Dearbhú ón Aontas Eorpach maidir le hAirteagal 5 i dtaca le táirgí tionscnaimh ón gColóim, Eacuadór, Peiriú maidir leo' ('Foscríbhinn 5') a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, iarscríbhinn a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin ('Iarscríbhinn II').

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Comhaontú

Is é is aidhm don Chomhaontú an trádáil dhéthaobhach idir an tAontas Eorpach agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór a mhéadú agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach le Peiriú ó bhí an 1 Márta 2013 ann, leis an gColóim ó bhí an 1 Lúnasa 2013 ann agus le hEacuadór ó bhí an 1 Eanáir 2017 ann.

2.2. An Coiste um Thrádáil

Chun cuspóirí an Choiste um Thrádáil a bhaint amach, féadfaidh an Coiste um Thrádáil modhnuithe a dhéanamh ar na rialacha tionscnaimh sonracha a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú. Is de chomhthoil ionadaithe an Aontais agus ionadaithe na dtíortha Aindéacha is sínitheoirí (an Cholóim, Peiriú, agus Eacuadór) a ghlacfaidh sé aon chinneadh. Trí Airteagal 68(2)(e) den Chomhaontú a chur i bhfeidhm, cuireann an Fochoiste um Chustaim, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh, a thug obair ullmhúcháin i gcrích, tograí le haghaidh modhnuithe ar Iarscríbhinn II faoi bhráid an Choiste um Thrádáil. I gcomhréir le hAirteagal 13, fomhír 2(g)(iii) den Chomhaontú, is féidir leis an gCoiste um Thrádáil na rialacha tionscnaimh sonracha a bhunaítear in Iarscríbhinn II a mhodhnú.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste um Thrádáil

Tá an Coiste um Thrádáil le gníomh amháin a ghlacadh:

[1] Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór den pháirt eile (IO L 354, 21.12.2012, lch. 3)

An 1 Eanáir 2022, rinneadh leasuithe ar an Ainmníocht arna rialú ag an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí ('Coinbhinsiún CC')[2].

Chomhaontaigh na Páirtithe sa Chomhaontú, chun coigeartuithe CC 2022 a léiriú, gur gá an méid seo a leanas a dhéanamh:

– tuairisc ar chaibidlí, ar cheannteidil nó ar fho-cheannteidil CC agus ar na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha atá i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn II a thabhairt cothrom le dáta

– Foscríbhinn 2A a ghabhann le hIarscríbhinn II maidir leis an tuairisc ar cheannteidil CC a choigeartú

– Foscríbhinn 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II maidir leis na cóid taraife laistigh de na cuótaí bliantúla do tháirgí de thionscnamh Pheiriú a choigeartú

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe Foscríbhinní 2, 2A agus 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II a leasú chun iad a thabhairt cothrom le dáta le leagan 2022 den Chóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí (CC) a mhéid a bhaineann leis an tuairisc ar cheannteidil CC agus leis na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha, ar thaobh amháin, agus leis na cuótaí bliantúla, ar an taobh eile.

Ba cheart, dá bhrí sin, Foscríbhinn 2, Nóta 2 d'Fhoscríbhinn 2A agus Foscríbhinn 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a leasú. Ní dhéantar athruithe substainteacha ar na rialacha tionscnaimh caibidlithe leis na leasuithe sin.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 14 den Chomhaontú, lena bhforáiltear go mbeidh 'cinntí arna nglacadh ag an gCoiste um Thrádáil ina gceangal ar na Páirtithe, a dhéanfaidh gach beart is gá lena gcur chun feidhme', agus i gcomhréir le hAirteagal 13, fomhír 2(g)(iii) den Chomhaontú, lena bhforáiltear gur féidir leis an gCoiste um Thrádáil Iarscríbhinn II a mhodhnú.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Cumhdaítear leis an ngníomhaíocht seo atá beartaithe na rialacha táirgeshonracha a chumhdaítear i bhFoscríbhinní 2, 2A agus 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II. Tugadh na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha sin cothrom le dáta le Cinneadh Uimh. 3/2021 ón gCoiste um Thrádáil an 3 Nollaig 2021, chun CC 2012 agus 2017 a chur san áireamh. Tá siad as dáta anois mar gheall ar theacht i bhfeidhm CC 2022 an 1 Eanáir 2022. Dá réir sin, chomhaontaigh an 9ú Fochoiste um Chustaim, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh de chuid an Chomhaontaithe ag an gcruinniú a bhí aige an 14 Deireadh Fómhair 2022 Foscríbhinní 2, 2A agus 5 a thabhairt cothrom le dáta chun CC 2022 a chur san áireamh.

Foscríbhinn 2 a thabhairt cothrom le dáta

Leagtar amach i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn II an liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe. Cumhdaítear leis an nuashonrú le haghaidh Fhoscríbhinn 2 athruithe a tugadh isteach le CC 2022 i bhfoclaíocht caibidlí, ceannteideal nó fo-cheannteideal áirithe de CC, ceartúcháin ar mhionearráidí maidir le botúin litrithe agus stíleanna dréachtaithe míchearta, chomh maith le rialacha táirgeshonracha áirithe a oiriúnú.

[2] Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí' na hEagraíochta Domhanda Custaim, 1983.

Foscríbhinn 2A a thabhairt cothrom le dáta

I bhFoscríbhinn 2A a ghabhann le hIarscríbhinn II, ba cheart Nóta 2 a choigeartú chun na hathruithe a tugadh isteach le CC 2022 a léiriú sna tuairiscí ar cheannteidil áirithe a liostaítear faoi Nóta 2.

Foscríbhinn 5 a thabhairt cothrom le dáta

Maidir le táirgí tionscnaimh éisc mara áirithe a onnmhairítear chuig an Aontas Eorpach ó Pheiriú, tá siad faoi réir cuótaí bliantúla agus leagtar amach sonraí na gcuótaí sin i bhFoscríbhinn 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II. Chomhaontaigh na Páirtithe sa Chomhaontú, chun coigeartuithe CC 2022 a chur san áireamh, gur gá cóid táirgí áirithe faoi cheannteidil 0303, 0307 agus 1605 a choigeartú go dtí an leagan is déanaí d'Ainmníocht Chomhcheangailte an Aontais agus de chóid TARIC.

Aon Chinneadh amháin ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

An Cinneadh ón gComhairle atá beartaithe maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil, baineann sé leis an leasú ar Fhoscríbhinní 2, 2A agus 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú Trádála.

Is de dhea-chleachtais an Aontais Eorpaigh é na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis na nuashonruithe a dhéantar gach 5 bliana ar an gCóras Comhchuibhithe.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos '*na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[3].

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é an Coiste um Thrádáil a bunaíodh le comhaontú, mar atá, an Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór den pháirt eile.

An gníomh a n-iarrtar ar an gCoiste um Thrádáil é a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 13, fomhír 2(g)(iii) den Chomhaontú, gníomh ar Cinneadh é sa chás seo, is éard atá ann gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 14(2) den Chomhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór den pháirt eile.

[3] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Baineann an togra le cur chun feidhme comhaontaithe um thrádáil fhabhrach a tugadh chun críche mar chuid den chomhbheartas tráchtála, comhbheartas ar réimse é ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas.

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe le comhbheartas tráchtála an Aontais.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, is ceart a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

De bhrí go leasófar Foscríbhinní 2, 2A agus 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú leis an ngníomh ón gCoiste um Thrádáil agus go bhfónfar leo do chur chun feidhme Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste um Thrádáil an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le modhnuithe ar Fhoscríbhinní 2, 2A agus 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú lenar bunaíodh Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór den pháirt eile ('an Comhaontú') shínigh an tAontas é an 26 Meitheamh 2012 i gcomhréir le Cinneadh 2012/735/AE ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gColóim agus Peiriú, agus shínigh an tAontas an Comhaontú an 11 Samhain 2016 i gcomhréir le Cinneadh 2016/2369/AE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hEacuadór. De bhun Airteagal 330(3) den Chomhaontú, tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Márta 2013 ann idir an tAontas agus Peiriú, ó bhí an 1 Lúnasa 2013 ann idir an tAontas agus an Cholóim, agus ó bhí an 1 Eanáir 2017 ann idir an tAontas agus Eacuadór.

(2) De bhun Airteagal 13, fhomhír 2(g)(iii) den Chomhaontú, féadfaidh Coiste um Thrádáil an Chomhaontaithe ('an Coiste um Thrádáil') forálacha Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú, forálacha a bhaineann le sainiú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin. Maidir le Foscríbhinn 2 'Liosta den oibriú nó den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe', Foscríbhinn 2A 'Aguisín a ghabhann leis an liosta den oibriú nó den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe' agus Foscríbhinn 5 'Táirgí a bhfuil feidhm ag fomhír (b) den Dearbhú ón Aontas Eorpach maidir le hAirteagal 5 i dtaca le táirgí tionscnaimh ón gColóim, Eacuadór, Peiriú maidir leo' a ghabhann le hIarscríbhinn II, tá siad bunaithe faoi láthair ar leaganacha 2012 agus 2017 den Chóras Comhchuibhithe ('CC').

(3) Tá an Coiste um Thrádáil le Cinneadh a ghlacadh, trí nós imeachta i scríbhinn, lena modhnaítear Foscríbhinní 2, 2A agus 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II chun foclaíocht caibidlí, ceannteideal nó fo-cheannteideal áirithe a ailíniú agus chun na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha a oiriúnú do leagan CC 2022. Ar mhaithe leis an tsoiléireacht, agus líon na leasuithe is gá a dhéanamh ar na Foscríbhinní á chur san áireamh, is gá na Foscríbhinní ina n-iomláine a ionadú.

(4) Meastar go nglacfar an Cinneadh ón gCoiste um Thrádáil le linn an cheathrú ráithe de 2024.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bhunú, ós rud é go mbeidh na cinntí a ghlacfar ina gceangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Coiste um Thrádáil, beidh sé bunaithe ar dhréachtghníomh an Choiste um Thrádáil mar Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo,

Airteagal 2

A luaithe a ghlacfar é, foilseofar an Cinneadh ón gCoiste um Thrádáil dá dtagraítear in Airteagal 1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán